Imlitir 0129/2006

Chuig: údaráis bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna agus scoileanna Comhphobail is Cuimsitheacha

Seirbhís bharúlach a cheannach chun críche aoisliúntais – (Athbhreithniú na Scéime)

1. Réamhrá

1.1 Tar éis plé a dhéanamh le foireann na Comhairle Ginearálta, tá roinnt athbhreithnithe sa scéim curtha in iúl ag an Aire Airgeadais. Baineann na hathruithe sin le seirbhís bharúlach a cheannach ag státseirbhísigh bunaithe agus ag fostaithe neamhbhunaithe mar aon le méadú ar na rátaí síntiúis, le haghaidh sheirbhís bharúlach a cheannach, trí asbhaintí tréimhsiúla ón tuarastal.

1.2 Tá na rátaí síntiúis um cheannach barúlach comónta go leor sa phobalseirbhís. Taispeánann an anailís ar na rátaí reatha síntiúis nach bhfuil na Scéimeanna Ceannaigh um Sheirbhís Bharúlach féinmhaoinithe agus go gcuireann siad costas ar an bhfostóir (i.e. an Státchiste).

1.3 Cuireadh an t-athbhreithniú ginearálta deireanach den scéim i bhfeidhm, i gcás bunmhúinteoirí agus meánmhúinteoirí, le héifeacht ó 1 Deireadh Fómhair 1991 trí Scéim Leasaithe (1991) a eisiúint le haghaidh Sheirbhís Bharúlach a cheannach. Forálann Alt 8 den Scéim Leasaithe (1991) go mb'fhéidir go mbeadh méadú ar na rátaí síntiúis ó am go ham. Luann Alt 8:

> "Na rátaí síntiúis, mar aon leis na gnéithe laghdaithe achtúireacha, a fheidhmítear ó am go ham faoin Scéim, deimhneoidh siad go mbeidh an Scéim féinmhaoinithe. Más gá, déanfar rátaí leasaithe agus gnéithe a shocrú tar éis iad a bheith pléite roimhré idir Roinn na nOifigí agus Roinn na Foirne ag na gComhairle Réitigh do Mhúinteoirí."

1.4 De réir ailt 8 den Scéim Leasaithe (1991), rinneadh na rátaí síntiúis leasaithe a phlé leis an Roinn Foirne ag an gComhairle Réitigh do Mhúinteoirí. An tábla de rátaí síntiúis atá luaite sa Scéim Leasaithe (1991), tá ionadaíocht anois déanta orthu ag na táblaí faoi iamh san Imlitir seo. Beidh éifeacht leo ó na dátaí atá luaite sna hailt a leanas

Tá faoi iamh, freisin, na táblaí a bheidh oiriúnach don bhfoireann neamhtheagaisc inphinsineach. Tharla a leithéid de thoradh plé idir an Roinn Airgeadais agus an Roinn Foirne den Chomhairle Ghinearálta, (ag cur san áireamh an síntús comhordanáideach, nach mbaineann le múinteoirí, don Scéim um Chéile agus Leanaí atá iníoctha ag an bhfoireann neamhtheagaisc)

Tá comhaontú bainte amach, freisin, i gcás múinteoirí um chomhroinnt poist ar leith agus i gcás foireann neamhtheagaisc, ceannach seirbhíse a cheadú trí thagairt d'aois 60, más iomchuí, mar aon leis na heagair faoi láthair chun seirbhís a cheannach go haois 65. Faoi iamh, freisin, tá na rátaí síntiúis cuí maidir le ceannach go haois 60. (Múinteoirí, seachas iad san ar chomhroinnt poist a cheannaíonn seirbhís bharúlach

chun an easpa san dearbhsheirbhís, de thoradh comhroinnt poist go sonrach a líonadh, bhí an rogha ar feadh na mblianta ag a leithéid de mhúinteoirí an ceannach a dhéanamh go haois 60 – tá na Táblaí um aois-60 do mhúinteoirí faoi iamh, freisin.) Tá socrú déanta, freisin, an infhaighteacht ar an rogha maidir le ceannach na chnapshuime a fhadú le linn gairme an duine ach coinníollacha ar leith a bheith comhlionta.

Ba chóir a shonrú (i) go mbaineann na táblaí ceannaigh le fireannach agus le baineannach, araon, (i.e. níl aon idirdhealú ar bhonn inscne maidir le ceannach) agus (ii) go ndéantar rátaí shíntiús na cnapshuime d'fhostóirí san ASPC d'Aicme A a thobhach ar thuarastal comhlán amháin (i.e. níl aon rátaí síntúis um Phá Glan / um Phá don cheannach cnapshuime, mar a bhí ann anallód). I gcás roghnaithe tréimhsiúla ceannaigh, áfach, is féidir rátaí síntiúis d'fhostóirí i ASPC d'Aicme A a thobach fós ar Phá Glan agus ar Phá, araon.)

1.5 Maidir leis an tseirbhís bharúlach a cheannach, ba chóir a shonrú nach mbeidh an ceannach sin ar fáil "d'iontrálacha nua", mar a shainítear san Acht Aoisliúntais um Sheirbhís Phoiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004, de bhrí gurb é 65 an aois phinsin is lú do a leithéid d'fhoireann.

Go ginearálta is é is "iontrálaí nua" ann don tseirbhís phoiblí ná duine a thosaíonn fostaíocht san tseirbhís phoiblí ar 1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh sin nó duine a fhilleann ar fhostaíocht sa tseirbhís phoiblí ar an dáta sin nó ina dhiaidh tar éis sos a lean níos mó ná 26 seachtain.

2. Rátaí Sintiúis le haghaidh Chnapshuim a Cheannach

Na rátaí cnapshuime a leagadh amach i dTábla 2 den Imlitir seo (a bhi ar fáil i dtús báire san Imlitir PEN 11/05 de mhí na Bealtaine 2005 (*Rátaí Síntiúis Athbhreithnithe don tSeirbhís Bharúlach a Cheannach*)), leanfar leo fós i gcás na hiarratais a dhéanfar ar **10 Bealtaine 2005** nó ina dhiaidh ag múinteoirí atá mar bhaill den Scéim Phinsin um Chéile agus Leanaí agus ar mian leo

(a) seirbhís bharúlach a cheannach trí shíntiús singil cnapshuime a íoc, nó
(b) na Luachanna Aistrithe a ghlacadh i leith seirbhíse cheana le eagraíochtaí nach baill iad den Ghréasán Aistrithe um Earnáil Phoiblí (*PSTN*)

Mar ar luadh cheana, tá na rátaí cnapshuime san Imlitir PEN 11/05 oiriúnach do mhúinteoirí atá mar bhaill den Scéim Phinsin um Chéile agus Leanaí. Tá táblaí sa bhreis faoi iamh anois chun foráil ar mhúinteoirí nach baill iad den Scéim sin agus chun foráil ar fhoireann neamhtheagaisc inphinseanach.

Múinteoir nach bhfuil mar bhall den Scéim Phinsin um Chéile agus Leanaí agus go bhfuil cnapshuim íoctha aige/aice cheana féin de réir na dTáblaí a eisíodh leis an Imlitir PEN 11/05, ba chóir athchistiú cuí a dhéanamh anois trí thagairt do na Táblaí, faoi iamh le seo, a dhéanann foráil ar mhúinteoirí nach baill iad den Scéim Phinsin um Chéile agus Leanaí.

Mar an gcéanna, sa chás go bhfuil íocaíocht chnapshuime déanta cheana féin de réir Tábla 1 den Imlitir PEN 11/05, (a leag amach na rátaí síntiúis a bhí iomchuí don bhfoireann teagaisc, agus dóibh siúd amháin) ba chóir athchistiú cuí a dhéanamh anois trí thagairt don Tábla foirne neamhtheagaisc cuí atá faoi iamh le seo.

3. Rátaí Sintiúis le haghaidh Síntiúis Tréimhsiúla a Cheannach – an dáta éifeachtach

Na rátaí atá greamaithe den Imlitir seo maidir le seirbhís bharúlach a cheannach tri shíntiúis thréimhsiúla, déanfar iad a chur i bhfeidhm i gcás ar bith, áit ar thosaigh na síntiúis ar **10 Samhain 2006** nó ina dhiaidh sin. Comhaontú ceannaigh ar bith, a socraíodh agus go bhfuil síntiúis déanta ina leith cheana féin nó bhí déanta roimh an dáta sin, ní chuirfidh na rátaí leasaithe san Imlitir seo isteach ar a leithéid.

4. Ceannach trí Thagairt d'Aois 60: Foireann Neamhtheagaisc, Múinteoirí um Chomhroinnt Poist ar Leith

(Ní bhaineann ailt 4 agus 5 den Imlitir seo le múinteoirí lánaimseartha de bhrí go bhfuil an rogha ag múinteoirí lánaimsearta, thar go leor blianta, an ceannach a dhéanamh go haois 60. Baineann siad le múinteoirí um chomhroinnt poist a cheannaíonn seirbhís bharúlach chun easpaí sa dhearbhsherbhís de thoradh chomhroinnt poist, ach go háirithe, a chúiteamh. Rinneadh foráil ar mhinteoirí um chomhroinnt poist, de réir na hImlitreach PEN 11/02, chun na heaspaí sin a réiteach trí sheirbhís bharúlach a cheannach go haois 65 amháin. Tagairt ar bith do "foireann ábhartha" sna hailt 4 agus 5, ciallaíonn sé foireann neamhtheagaisc inphinseanach agus a leithéid de mhúinteoirí um chomhroinnt poist).

Mar ar luadh cheana, ní bheidh an rogha chun ceannach a dhéanamh go haois 60 ar fáil "d'iontrálacha nua" mar ar sainíodh san Acht Aoisliúntais um Sheirbhís Phoiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004.

Beidh an rogha chun ceannach a dhéanamh go haois 60 ar fáil d'fhoireann ábhartha, seachas "iontrálacha nua", nach raibh in ann go dtí seo an tseirbhís a cheannach trí thagairt go haois 65 ar choinníoll nach mbeadh seirbhís 40 bliain slánaithe acu ag aois 60. Tá an rogha seo ar fáil do a leithéid de gach foireann chuí agus san áireamh iad san go bhfuil seirbhís bharúlach á ceannach acu faoi láthair nó go bhfuil seirbhís bharúlach ceannaithe acu trí thagairt d'aois 65. Cuirfear na gnáth rialacha maidir leis an scéim um cheannach bharúlach i bhfeidhm, e.g. maidir leis an riachtanas chun go mbeadh tualaing ar íoslíon de sheirbhís 9 mbliana ag aois 60, sochair faoi choinneáil, deireadh le síntiúis thréimhsiúla roimh aois 60 agus feidhmiú na gnéithe laghdaithe achtúireacha áit a thosaíonn íocaíoct na sochar aoisliúntais roimh aois 60 (e.g. easláinte nó luathscor neodrach de réir costais).

Maidir le foireann ábhartha go bhfuil seirbhís bharúlach á ceannach acu faoi láthair nó go bhfuil seirbhís bharúlach ceannaithe acu go haois 65 agus gur mian leo anois ceannach a dhéanamh trí thagairt go haois 60 agus dul ar scor ag an aois sin, ní mór an méid seirbhíse, d'fhéadfadh an comhaontú ceannaigh um aois 65 a sholáthar, a ríomh ag baint feidhme as na rialacha a bhaineann le luathstad na síntiús nó as na gnéithe laghdaithe achtúireacha, mar is cuí. Is é an toradh a bheidh ar sin ná laghdú ar an méid seirbhíse a ceannaíodh nó atá á cheannach faoin chomhaontú bunúsach um aois 65. Mar bhreis ar an laghdú (gannchion) sin ar sheirbhís, tarlóidh gannchion eile de 5 bliana, ar ndóigh, ag éirí as an gcinneadh chun dul ar scor ag aois 60 seachas ar aois 65. Is féidir le foireann chuí comhaontú eile a dhéanamh an gannchion leasaithe a cheannach trí thosú ar chomhaontú ceannaigh tréimhsúil sa bhreis, é sin, nó trí roghnú um chnapshuim a thoghadh (nó teaglaim dóibh araon) trí thagairt go haois 60.

Mar sin féin, de thoradh na gnéithe um achtúireach laghdaithe in a leithéid de chásanna, ba chóir a shonrú go mbeidh gannchion beag sa tseirbhís le haghaidh pinsin, cé go mbeidh foireann ábhartha in ann leor seirbhíse a cheannach chun a bheith i dteideal uaschnapshuim a fháil ag aois 60. Léiríonn an eiseamláir a leanas cad a bheidh i gceist.

Eiseamláir:

(a) *Rúnaí scoile (mar bhall den Scéim Phinsin d'Oifigigh Chéireachais Scoile) go mbeidh ar ghannchion 5 bliana de sheirbhís ag aois 65* (*i.e. thosaigh sí ag aois 30 agus beidh 35 bliain de sheirbhís slánaithe aice ag aois 65), thosaigh sí ar an 5 bliana a cheannach trí* ***shíntiúis tréimhsiúla*** *(go haois 65) le héifeacht óna 40ú breithlá sa bhliain 2005. Tá sé in aigne aice anois seirbhís a cheannach trí thagairt d'aois 60 agus ar aigne aice dul ar scor ag an aois sin.*

Ar an gcéad dul síos, leanann an comhaontú láithreach ar aghaidh maidir leis an gceannach tréimhsiúil agus beidh na síntiúis ábhartha á n-asbhaint go dtí a 60ú breithlá. De bhrí go dtiocfaidh stad ar an gcomhaontú ag aois 60 agus go dtiocfaidh íocaíocht i bhfeidhm ar a cuid socar scoir ag aois 60, seachas ag an aois 65, go mbeadh súil leis, beidh sé riachtanach na hasbhaintí a fheidhmiú, a sonraíodh sa

Scéim Athbhreithnithe (1991), chun a chur san áireamh (i) na síntiúis thréimhsiúla neamhíoctha don tréimhse ón aois 60 go dtí aois 65 agus (ii) luathíocaíocht a cuid sochar aoisliúntais ag aois 60, seachas ag aois 65.

Is é an fhoirmle a fheidhmítear faoin Scéim Athbhreithnithe (1991) chun síntiúis neamhíoctha a chur san áireamh faoi chomhaontú um cheannach tréimhsiúil ná:

$$\frac{A \times B}{C}$$ *, áit a bhfuil:*

A = an líon de bhlianta a roghnaigh an rúnaí i dtús báire a cheannach;
B = an tréimhse thar a ndéanfar na síntiúis a dhearbhíoc;
C= an tréimhse thar a mbeadh na síntiúis á n-íoc dá mba gur lean an rúnaí le íocaíoch na síntiús ina iomlán go haois 65.

San eiseamláir mar sin, tá: *A = 5 bliana;*
B = 20 bliain (40ú go dtí 60ú breithlá);
C = 25 bliain (40ú go dtí 65ú breithlá).

Is é toradh na foirmle ná 5 x 20 / 25 = 4 bliana. Sé seo an méid seirbhíse a bheidh ceannaithe ag an rúnaí faoin chomhaontú ceannaigh um 65 aois nuair a thiocfaidh críoch leis na síntiúis thréimhsiúla ar a 60ú breithlá.

Sa chéad chéim eile ní mór na gnéithe laghdaithe achtúireacha um Aois 65 a fheidhmiú (féach Tábla 13 in Aguisín 1 den Imlitir seo) chun a chur san áireamh an íocaíocht a rinne sí i dtús báire maidir lena sochair aoisliúntais ag aois 60, seachas ag aois 65. Is iad na gnéithe aoise ná 90.7% le haghaidh cnapshuime agus 74.8% le haghaidh na bpinsean. Agus na rátai sin á bhfeidhmiú do na 4 bliana ceannaithe, faightear 3.628 bliana de sheirbhís le haghaidh na cnapshuime agus 2.992 bliana de sheirbhís le haghaidh na bpinsean. Dá bhrí sin, seo a leanas mar a bheadh a pinsean seirbhíse ag a haois scoir de 60 bliain:

- *don **chnapshuim** bheadh teideal aice ar 30 bliain de dhearbhsheirbhís + 3.628 bliana de sheirbhís cheannaithe = 33.628 bliain*
- *don **phinsean** bheadh 30 bliain de dhearbhsheirbhís aice + 2.992 bliina de sheirbhís cheannaithe = 32.992 bliain*

Dá bhrí sin, is é an t-uaslíon de sherbhís d'fhéadfadh sí ceannach anois trí thagairt d'aois 60 ná 6.372 bliain (40 – 33.628) chun an t-uas-seirbhís de 40 bliain, a bheadh ag teastáil uaithi, a sroicheadh don uaschnapshuim de shochar ag aois 60. Is é 39.364 (32.992 + 6.372) a haois seirbhíse ag aois 60 le haghaidh pinsin.

(b) *más 5 bliana an méid a cheannaigh an rúnaí i dtús báire trí **roghnú na cnapshuime** a thoghadh, ní fheidhmeofar ach na gnéithe ábhartha laghdaithe achtúireacha um aois 65 chun a chur san áireamh an luathíocaíocht den sochar aoisliúntais ag aois 60, seachas ag aois 65. Agus na gnéithe laghdaithe achtúireacha de 90.7% le haghaidh na cnapshuime agus 74.8% le haghaidh pinsin do na 5 bliana a fheidhmiú, faightear 4.535 bliana don chnapshuim agus 3.74 bliana don phinsean. Dá bhrí sin, seo a leanas mar a bheadh a pinsean seirbhíse ag a haois scoir de 60 bliain:*

- *don **chnapshuim** bheadh teideal aice ar 30 bliain de dhearbhsheirbhís + 4.535 bliana de sheirbhís cheannaithe = 34.535 bliain*
- *don **phinsean** bheadh 30 bliain de dhearbhsheirbhís aice + 3.74 bliana de sheirbhís cheannaithe = 33.74 bliain*

Dá bhrí sin, is é an t-uaslíon de sheirbhís d'fhéadfadh sí ceannach anois trí thagairt d'aois 60 ná 5.465 bliana (40 – 34.535) chun an t-uas-seirbhís de 40 bliain, a bheadh ag teastáil uaithi, a sroicheadh don uaschnapshuim de shochar ag aois 60. Is é 39.205 (33.74 + 5.465) a haois seirbhíse ag aois 60 le haghaidh pinsin.

5. Eagair idir dhá linn don Cheannach go hAois 60:- foireann neamhtheagaisc, múinteoirí áirithe um chomhroinnt poist

Mar áis idir dhá linn, is féidir le foireann ábhartha (seachas "iontrálacha nua"), a bhí ag feidhmiú idir **10 Bealtaine 2005** agus dáta na hImlitreach seo, rogha a dhéanamh, má oireann sé níos fearr leo, seirbhís a cheannach trí thagairt d'aois 60 ag baint feidhme as an ráta a bhaineann lena aoiseanna ar an mbreithlá idir na dátaí sin seachas an ráta a bhainfidh lena aoiseanna ar an gcéad bhreithlá eile. (*Déan tagairt d'alt 4 le haghaidh míniú ar an téarma "foireann ábhartha"*)

Ní mór an rogha a dhéanamh laistigh de 3 mhí fhéilire ó dháta na hImlitreach seo. Cuirfear na heagair a leanas i bhfeidhm le haghaidh íocaíocht na síntiús ceannaithe:

(a) i gcás roghnú na **cnapshuime** a rinneadh faoi na hidirfhorálacha seo, déanfar an síntiús dlite a ríomh trí thagairt do thuarastal an bhaill ar dháta an roghnaithe (i.e **ní** ar an tuarastal a bhí i bhfeidhm ar an mbreithlá roimhe sin) agus ní mór an síntiús a íoc laistigh de sé mhí ón dáta sin;

(b) i gcás roghnú a cheannach trí **shíntiúis tréimhsiúla,** tosóidh an íocaíocht ar an gcéad lá tuarastail eile an bhaill agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí go mbeidh 60 bliain d'aois slánaithe ag an mball. Na riaráistí a bheidh dlite maidir leis an tréimhse idir breithlá deireanach an bhaill (dáta nach mbeidh níos luaithe ná 10 Bealtaine 2005) agus dáta tosaithe ar íocaíocht na síntiús, ní mór iad a íoc laistigh de 12 mhí ón lá tuarastail sin.

6. Athruithe Eile

Tar éis comhairle a dhéanamh ag an Roinn Airgeadais leis an Roinn Foirne ag an gComhairle Ghinearálta agus ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta leis an Roinn Foirne ag an gComhairle Réitigh do Mhúinteoirí, socraíodh ar na hathruithe eile sa bhreis a leanas maidir le feidhmiú na Scéime Ceannaigh um Sheirbhís Bharúlach

- Ceannach ag an bhfoireann chonartha (féach alt 7)
- Ceannach ag daoine um chomhroinnt oibre/foireann páirtaimseartha (féach alt 9)
- Sosghairmeacha a ríomh (féach alt 10)
- Síntiúis neamhíoctha & comhaontaithe ceannaigh curtha ar ceal (féach ailt 11 agus 12)
- Déileáil le íocaíochtaí scartha den AE (féach alt 13)

7. Ceannach ag Múinteoirí atá ag feidhmiú faoi chonarthaí lánaimseartha um bhuantéarma

7.1 An tseirbhís tualainge a bhainfidh le freastalaí poiblí ar bith, is ábhar criticiúil í agus méid na seirbhíse barúlaí d'fhéadfadh an duine sin a cheannach. (Tá sé seo ag éirí as forálacha aoisliúntais a bhaineann leis na hAchtanna um Chomhdhlúthú na gCánach). Duine ar mian leis/léí seirbhís a cheannach, ní mór go mbeadh súil ag an duine sin le íoslíon 9 mbliana de dhearbhsheirbhís ionáirithe (seirbhís aistrithe san áireamh) don aois ábhartha (i.e. aois 65 i gcás "iontrálacha nua" agus aois 60 nó 65 de réir mar ar roghnaigh an t-iarratasóir seirbhís bharúlach a cheannach, i gcás fostóirí seachas iontrálacha nua). A shonrú go ndéantar dearbhsheirbhís ionáirithe a ríomh i mblianta lánaimseartha agus go ndéantar seirbhís pháirtaimseartha a ríomh ar bhonn pro rata le seirbhís lánaimseartha comparáideach.

7.2 Le héifeacht ó dháta na himlitreach seo, déanfar na heagair a leanas a fheidhmiú chun seirbhís thualainge fostaithe, a bheidh ag feidhmiú ar bhonn conartha, a chinneadh:

- Duine ar buantéarma conartha a luann go soiléir nach ndéanfar é a athnuachan, nó ar buanaidhm conartha nach mbeadh súil leis dul thar thréimhse 9 mbliana, ní féidir leis an duine sin seirbhís bharúlach a

cheannach (mura mbeadh seirbhís ionáirithe ag an duine sin cheana fein nó mura mbeadh seirbhís aistrithe aige/aice le haghaidh aoiliúntais, a thabharfadh seirbhís thualainge níos mó ná 9 mbliana dó/di);

- Duine ar "conradh um fhadama éiginnte", is féidir glacadh leis go mbeadh seirbhís thualainge go haois 60 nó 65, mar is cuí, ag an duine sin;

An t-uasmhéid de sheirbhís bharúlach d'fhéadfaí a cheannach i gceann ar bith de na haicmí, thuas, déanfar é a chinneadh de réir gnáthrialacha na scéime ceannaigh.

7.3 Déantar déileáil in alt 14 le síntiúis um cheannach bharúlach a aisíoch. Beidh a leithéid ábhartha, ach go háirithe, don bhfoireann chonartha. Ba chóir a shonrú go gcaithfear gach aon síntiús ceannaigh a aisíoc sa chás go n-éiríonn duine as fostaíocht agus gan 9 mbliana de dhearbhsheirbhís ionáirithe slánaithe aige/aice (seirbhís aistrithe san áireamh). I gcásanna eile, is féidir go mbeadh sé riachtanach aisíocaíochtaí neamhiomlána de shíntiúis ceannaigh a dhéanamh.

8. Minicíocht na Roghanna Ceannaigh um Chnapshuimeanna

Faoi rialacha na scéime reatha, ní cheadaítear seirbhís a cheannach trí rogha cnapshuime ach amháin sna cásanna (i) laistigh den chéad dá bhliain mar bhall den scéim phinsin nó (ii) ag am scoir nó laistigh de dhá bhliain den dáta scoir nó (iii) laistigh de sé mhí tar éis filleadh ó thréimhse de shaoire speisialta gan phá (agus sa chás seo ní féidir an tréimhse a cheannófar dul thar thréimhse na saoire speisialta). Leanfar le feidhmiú rogha (iii) ach déanfar na heagair a leanas roghanna (i) agus (ii) **a ionadú.**

Le héifeacht ó dháta na hImlitreach seo, beidh sé de chead ag baill cnapshuim a roghnú ag am ar bith le linn a chuid gairme ach na coinníollacha a leanas a chomhlíonadh: (a) ní cheadófar ach a leithéid a roghnú uair amháin i mbliain fhéilire ar bith agus (b) is é an t-íosmhéid de shíntiús cnapshuime is féidir a dhéanamh sa tslí sin ná 10% de thuarastal bliantúil an bhaill, nó, más níos lú ná sin a bheidh sé, an síntiús a bheidh riachtanach a cheannach chun ghannchion tualainge an bhaill sa tseirbhís laistíos den uas-seirbhís ionáirithe de 40 bliain. I gcás daoine um chomhroinnt oibre nó i gcás baill a oibríonn go páirtaimseartha, is é is "ráta tuarastail bhliantúil" ann ná an ráta lánaimseartha pá don jab, agus **ní hé** an ráta pá laghdaithe um chomhroinnt oibre nó páirtaimseartha.

9. Seirbhís a Cheannach ag Daoine um Chomhroinnt Oibre nó ag Foireann Pháirtaimseartha

9.1 Déantar tagairt d'Imlitir PEN 05/02 na Roinne seo dar dáta 12 Aibreán 2002 (*Seirbhís Bharúlach a Cheannach le haghaidh Aoisliúntais ag Daoine um Chomhroinnt Poist*). Is an éifeacht a bhí ag an Imlitir sin ná chun a cheadú do Dhaoine um Chomhroinnt Poist cúiteamh a dhéanamh ar gach aon ghannchion sa dhearbhsheirbhís de thoradh chomhroinnt poist, ar an tuiscint go leanfaí ar aghaidh ar an gcomhroinnt poist sin go dtí aois 65.
Mar ar luadh cheana in ailt 4 agus 5, is féidir le daoine ar comhroinnt poist seirbhís bharúlach a cheannach ar an tuiscint go leanfaí ar aghaidh ar comhroinnt poist go dtí aois 60 nó aois 65.

Go ginearálta fós, ag teacht leis na heagair athbhreithnithe a luadh in Imlitir na Roinne Airgeadais 20/2005 (*Leasú Pinsin sa tSeirbhís Phoiblí: Eagair athbhreithnithe le haghaidh seirbhísigh phoiblí pháirtaimseartha*), déanfar na sochair phinsin d'fhstóirí páirtaimseartha, a íocann sintiúis aoisliúntais pro rata, a bhunú ar thuarastal inphinseanach lánaimseartha barúlach agus ar dhearbhsheirbhís agus é a sloinneadh mar chomhréir de thinreamh lánaimseartha (an t-eagar céanna a feidhmíodh i gcas daoine ar comhroinnt poist). De thoradh sin, thángthas ar an gcinneadh go bhféadfaí forálacha na hImlitreach PEN 05/02 a fheidhmiú sa mhodh céanna anois ar mhúinteoirí páirtaimseartha, a bheadh i gceist acu conradh a dhéanamh ceannach go haois 60 nó go haois 65, ach na leasaithe a leanas a chomhlíonadh:

(i) ba chóir an t-alt a leanas a chur isteach in ionad ailt 3(a) san Imlitir PEN 05/02:
"(a) ag an am ina ndéantar an roghnú seirbhís bharúlach a cheannach, go mbeidís ar comhroinnt oibre (comhroinnt poist san áireamh) nó ag obair go páirtaimseartha ar feadh **dhá bhiain leantacha** agus go bhfuil patrún oibre um comhroinnt oibre no páirtaimseartha bunaithe acu mar chomhréir de thinreamh lánaimseartha"

(ii) i gcás fostaí um chomhroinnt oibre nó páirtaimseartha, ciallaíonn an téarma "tuarastal" an ráta **iomlán** tuarastail a bhaineann le fostaí coihbhéiseach atá ar tinreamh lánaiimseartha – agus **ní hé** an ráta tuarastail laghdaithe um chomhroinnt oibre nó páirtaimseartha

9.2 Sa chás go mbeidh fostaí, go bhfuil seirbhís á cheannach aige/aice, ag méadú ar chomhroinnt oibre nó ar tinreamh páirtaimseartha, nó go bhfilltear ar tinreamh lánaimseartha agus de thoradh a leithéide, go mbeidh an tseirbhís faoi cheannach níos mó ná an méid a bheidh ag teastáil ag an bhfostaí chun an tseirbhís ionáirithe tualainge , ag aois 60 nó 65, mar is cuí, a bhreith suas go 40 bliain, caithfear an ráta síntiúis a cheartú (nó a chur ar ceal go hiomlán, má iarrtar a leithéid) agus ba chóir farasbarr ar bith de shíntiús (gach síntiús más gá san áireamh) a chúiteamh trí an gcóras párolla.
Sa chás, maidir le fostaithe, go dtagann mórathrú ar an bpatrún páirtaimseartha tinrimh, nó go gceaptar fostaithe do phoist lánaimseartha, a lean tosú conartha um sheirbhís bharúlach, ba chóir dóibh an t-athrú sin a chur in eolas don earnáil phinsin chuí den Roinn – féach alt 18 le haghaidh an liosta de na hearnálacha pinsin éagsúla

10. Tréimhse Shosghairme a áireamh fad an Sosghaim ar siúl

Rinneadh eagair a chur ar bun do mhúinteoirí faoin Tuairisc Chomhaontaithe 5/91 maidir le tréimhsí sosghairme a áireamh mar inphinseanach fad an tsosghairm ar siúl.

Tá na heagair speisialta, a leagadh amach sa Tuairisc, i bhfeidhm fós maidir le tréimhse shosghairme a áireamh fad an tsosghairm ar siúl. Níl na rátaí ceannaigh, áfach, mar a bhain cheana faoinTuairisc, i bhfeidhm anois. Is é an ráta atá le feidhmiú ná an gnáthráta ceannaigh cnapshuime a bhaineann leis an bhfostaí i gceist faoin scéim cheannaigh. Déanfar an ráta sin a chinneadh ag aois an fhostaithe ag an gcéad bhreithlá eile ag an am ina mbeidh an íocaíocht ráithiúil dlite á ríomh.

Eiseamláir:- Ball (is múinteoir é sa chás seo) a théann ar sosghairm ó 1/9/07 go dtí 31/8/08, roghnaíonn sé an tsosghairm a áireamh ar an 24ú pointe den scála breisíocach ó 01/09/06 ar bhonn dul ar scoir ag aois 60, aois 46 ó 15/02/07. Is é €60 000 an bhliain a thuarastal ar an lá deireanach den tseirbhís (31/08/07). Is é €63 900 an bhliain a thuarastal barúlach ar 01/09/07 (an dáta breisíocach) agus is é €65 498 an bhliain a thuarastal barúlach ar 01/03/08 (san áireamh an méadú pá ginearálta de 2.5% .

Síntiús dlite i leith an chéad cheathrú, (01/09/07 go dtí 30/11/07)

= 26.6% den tuarastal barúlach i leith na tréimhse sin
= (€63,900 x 91/365) x 26.6%
= €15,931.23 x 26.6%
= €4,337.71

Síntiús dlite i leith an dara ceathrú,, (01/12/07 go dtí 29/02/08)

= 26.60% den tuarastal barúlach ó 01/12/07 go dtí 14/02/08
+
25.6% den tuarastal barúlach ó 15/o2/08 go dtí 29/02/08
= [(€63,900 x 76/365) x 26.6%] + [(€63,900 x 15/365) x 25.6%]
= €3,539.18 + €672.26
= €4,211.44

Déanfar na síntiúis a bheidh dlite i leirh an tríú agus an ceathrú ceathrú a ríomh sa mhodh céanna.

Ní bhaineann an t-athrú thuas sna rátaí leis na fostaithe atá ar sosghairm faoi láthair agus go bhfuil an tseirbhís á áireamh acu faoi na heagair atá ann anois. Mar an gcéanna, i gcás fostaithe atá i mbun seirbhíse agus a rinne iarratas ar sosghairm ar dháta na hImlitreach seo nó fiú roimh an dáta sin agus go bhfuil iarratas curtha isteach acu glacadh leis na heagair faoi láthair, ní chuirfidh an t-athrú sna rátaí isteach orthu.

11. Síntiúis Neamhíoctha le linn Chomhaontú Ceannaigh Peiriadach

De réir na rialacha faoi láthair, tagann deireadh le síntiúis cheannaigh nuair a ghlacann duine, go bhfuil seirbhís bharúlach á ceannach aige trí shíntiúis pheiriadacha, cead neamhláithreachta gan pá. Aththosóidh na síntiúis cheannaigh iar bhfilleadh ar seirbhís ón gcead neamhláithreachta faofa ((ag an ráta (na rátaí) céanna a feidhmíodh cheana roimh thréimhse na neamhláithreachta)) agus, ag am scoir, déanfar laghdú pro rata a fheidhmiú ar mhéid na seirbhíse a gheall an fostaí a cheannach i dtús báire cun a chur san áireamh na síntiúis neamhíoctha le linn na tréimhse neamhláithreachta gan pá. Is féidir leis an bhfostaí ansin machnamh a dhéanamh ar an laghdú a cheannach faoi roghnú ceannaigh cnapshuime ar leith más mian leis nó léí, ach na gnáthrialacha a bheith comhlíonta. Seo é an t-aon roghnú amháin atá ar fáil faoi láthair faoin scéim chun na síntiúis cheannaigh pheiriadacha neamhíoctha a chur san áireamh.

Tá, leis seo, leasaithe ar na scéimeanna chun dhá roghnú sa bhreis a sholáthar chun déileáil le a leithéid de shíntiúis neamhíoctha. Is é an chéad cheann ná cnapshuim amháin a íoc laistigh de sé mhí ó dháta fillte ar dhualgais ó thréimhse na neamhláithreachta speisialta. Is é an íocaíocht a bheidh dlite faoin roghnú seo ná an méid a fhaightear trí (i) an ráta (na rátaí) a bheidh á íoc (á n-íoc) ag an bhfostaí faoin chomhaontú ceannaigh a fheidhmiú ar an ráta bliantúil tuarastail a bheidh i bhfeidhm ar an dáta a fhillfidh an fostaí ar a chuid dualgas agus (ii) an toradh ag (i) a iolrú faoi an líon de laethanta ar neamhláithreacht gan pá roinnte ar 365. Is é an dara roghnú ná na síntiúis pheiriadacha a dhúbailt ar feadh tréimhse a bheadh cóibhéiseach le tréimhse na neamhláithreachta gan pá tráth a aththosaíonn an fostaí ar na síntiúis pheiriadacha a íoc.
A nótáil: Mar bhreis ar an laghdú pro rata a luadh sa chéad alt den mhír seo, ba chóir a nótáil gur cailliúint seirbhíse sa bhreis é an tréimhse neamhláithreachta fhéinigh agus gur gá ceannach ar leith a dhéanamh ina thaobh. Más mian leis an bhfostaí an gannchion sa bhreis seo ar sheirbhís a cheannach, ní mór, ansin, comhaontú ceannaigh ar leith a shocrú, trí shíntiúis pheiriadacha, é sin nó, trí chnapshuim, de réir rialacha na scéime ceannaigh

12. Comhaontú Ceannaigh Peiriadach a Chealú

Faoi rialacha na scéime faoi láthair, caithfidh fostaí, go bhfuil seirbhis á ceannach aige trí shíntiúis pheiriadacha agus gur mian leis an comhaontú a chealú roimh an dáta dlite (i.e.roimh an 60ú nó 65ú breithlá, mar is cuí) caithfidh sé fanacht go dtí an chéad bhreithlá eile chun a leithéid a dhéanamh agus ní féidir éaló uaidh sin. Leis seo, tá leasú déanta ar an riail sin sa mhéid go bhféadfaí an comhaontú a chealú le héifeacht ón gcéad lá tuarastail eile, é sin gan a bheith níos déanaí ná 4 seachtaine ón dáta go bhfaighfear fógra scríofa an chealaithe.

13. Scaradh AE (Imlitirt 33/91)

Déanfar tagairt d'Alt 23(a) in Imlitir 33/91 na Roinne Airgeadais (*Neamhláithreacht Speisialta gan pá chun ceapachán a ghlacadh le institiúid na gComhphobal Eorpach nó le eagraíochtai idirnáisiúnta eile ag a bhfuil ballraíocht ag Éire*).

De réir na heagair faoi láthair, má roghnaíonn duine, a fhilleann ar fostaíocht sa tseirbhís phoiblí ó thréimhse neamhláithreachta speisialta gan pá le institiúid AE agus a bhain cáilíocht um phinsean AE nó um dheontas scartha amach, ní cheadófar don duine sin seirbhís a cheannach i leith tréimhse de neamhláithreacht speisialta, má

roghnaíonn sé an pinsean a fháil nó an deontas scartha a choinneáil. Níl feidhm feasta leis an srian sin.

Is é toradh an scartha sin ná go bhféadfadh a leithéid de sheirbhísigh phoiblí, ach na gnáthrialacha na scéime ceannaigh a bheith comhlíonta, áis a bhaint as an roghnú chun tréimhse de neamhláithreacht gan pá a cheannach ón institiúid AE trí chnapshuim a íoc laistigh de 6 mhí ón dáta iar bhfilleadh ó neamhláithreacht.

Sa chás go mbaineann seirbhíseach poiblí úsáid as cuid den deontas scartha chun tréimhse de sheirbhís AE a cheannach laistigh den tréimhse 6 mhí sin, ní áireofar fuíoll na cothromaíochta den deontas scartha mar shochar coinneála a bhainfidh leis an rogha ceannaigh ar leith. Mar sin féin, i gcás roghanna ceannaigh ar bith ina dhiaidh sin (peiriadach nó cnapshuime) áireófar fuíoll an deontais chothromaíochta mar shochar coinneála. I gcás ar bith nach dtoghann fostaí an rogha ceannaigh laistigh den tréimhse 6 mhí, áireófar gach cuid den deontas scartha mar shochar coinneála le haghaidh roghanna ceannaigh ina dhiaidh sin.

Tráth a roghnaíonn seirbhíseach poiblí an teideal ar phinsean AE a choinneáil agus gur mian leis seirbhís a cheannach, sa chás sin, áireófar an teideal ar phinsean AE mar shochar coinneála sa gháth sli.

14. Aisíocaíochtaí na Síntiús Ceannaigh

Ba chóir aire ar leith a thabhairt i ngach cás, ach go háirithe maidir le ceannach seirbhíse ag foireann ar conradh, do na pointí a leanas i dtaobh aisíocaíochtaí de shíntiúis cheannaigh.

Léirítear sa Scéim Leasaithe (1991), a bhain le Seirbhís Bharúlach a cheannach, an t-uasmhéid de sheirbhís d'fhéadfadh duine, a bhfuil seirbhís tualainge 9 mí, nó níos mó, aige, a cheannach. Tá an Tábla ábhartha ar fáil mar Thábla 15 in Aguisín 1 den Imlitir seo. Sa chás go dtéann duine, a bhfuil seirbhís bharúlach á ceannach aige, ar scor on tseirbhís phoiblí roimh an t-íosmhéid dearbhsheirbhíse ionáirithe 9 mbliana bainte amach aige, caithfear gach aon síntiús ceannaigh a aisíoc. Sa chás go dtéann duine, a bhfuil seirbhís á ceannach aige, ar scor on tseirbhís phoiblí agus 9 mbliana de sheirbhís bainte amach aige ach roimh an íos-seirbhís bainte amach, atá dé dhíth ag an Scéim Leasaithe (1991) maidir le méid na seirbhíse barúlaí faoi cheannach, nó a bheidh ceannaithe cheana féin, caithfear aisíoc iomchuí de shíntiúis cheannaigh a dhéanamh i dtreo is go n-aontódh méid na seirbhíse a bheidh dearbhcheannaithe leis an teorainn ábhartha atá léirithe i dTábla 15 faoi iamh. Ba chóir gach aon cheann de a leithéid d'aisíocaíochtaí a phróiseál tríd an córas párolla sa ghnáth slí.

A nótáil, maidir le síntiúis um sheirbhís bharúlach a aisíoc, gurb é an chiall atá leis an téarma "dul ar scor ón tseirbhís phoibli" ná go n-imíonn an fostaí ón bhfostaíocht reatha sa tseirbhís phoiblí agus nach n-aistríonn sé/sí go dtí fostaíocht eile sa tseirbhís phoiblí. A nótáil freisin, ina leithéid de thoscaí, ní ar an bhfostaí a bheidh an dualgas aisíoc a éileamh – is ar an bhfostóir an dualgas an t-aisíoc cuí a dhéanamh ag tráth an scoir.

15. Gnéithe Laghdaithe Achtúireacha

Na táblaí de Gnéithe Laghdaithe Achtúireacha atá sonraithge sa Scéim Leasaithe (1991) a bhaineann le Seirbhís Bharúlach a Cheannach, i.e. Táblaí 1 agus 2 san Aguisín 3 den Scéim 1991, tá siad ionadaithe le seo ag Táblaí 13 agus 14, faoi seach, in Aguisín 1 den Imlitir seo.

16. Athbhreithnithe sa Todhchaí ar na Rátaí Síntiúis

Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreitniú sa dara leath na bliana 2007 ar na rátaí ceannaigh agus i ngach dhá bhliain ina dhiaidh sin

Tá téarmaí na hImlitreach seo faoi réir gach aon riail eile den Scéim Leasaithe um Cheannach Barúlach (1991) agus ba chóir iad a léamh i dteannta téarmaí na Scéime sin mar a leasaíodh ag Imlitir PEN 05/02 (maidir le comhroinnt poist)

17. An Fhoireann a Chur in Eolas

